NCCA
An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

# Tuarascáil ar an gcomhairliúchán ar an dréachtsonraíocht do Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí

Meán Fómhair 2024

## An Clár Ábhar


**RÉAMHRÁ** ... 3

**Cúlra** ... 3

**Forléargas** ... 3

**CUID 1: AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN** ... 5

**Cur chuige modheolaíoch** ... 5

**Freagraí ar an gcomhairliúchán** ... 6

**CUID 2: AISEOLAS ÓN GCOMHAIRLIÚCHÁN** ... 8

**Réamhrá, Réasúnaíocht agus Aidhmeanna** ... 8

**Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí** ... 8

**Teagasc agus Foghlaim** ... 9

**Ionchais maidir leis an scoláire** ... 10

**Measúnú agus Tuairisciú** ... 12

Réasúnaíocht na Measúnuithe Rangbhunaithe i Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí ... 12

Ord inbheartaithe na Measúnuithe Rangbhunaithe ... 13

Samplaí MRB 1 ó mo Phunann Teanga Scoláire (PTS) ... 14

MRB 2 Cumarsáid ó Bhéal ... 15

An Tasc Measúnaithe (TM) ... 15

**Tacaíochtaí do chur i bhfeidhm rathúil agus tuairimí eile** ... 16

**CUID 3: BREITHNITHE AGUS CONCLÚIDÍ** ... 17

**Údair Mhachnaimh** ... 17

**Tátal** ... 17

**TAGAIRTÍ** ... 18

**AGUISÍN: LIOSTA NA RANNPHÁIRTITHE** ... 19

# Réamhrá

## Cúlra

I gcomhréir leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2015), tugadh isteach sonraíocht ábhair nua do Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí (NTI na Sraithe Sóisearaí) i scoileanna i mí Mheán Fómhair 2017. Bhí an chéad chohórt de scoláirí chun staidéar a dhéanamh ar shonraíocht Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí ceaptha scrúdú deireanach a chur i gcrích i Meitheamh 2020. Mar sin féin, mar gheall ar shocruithe measúnaithe malartacha a cuireadh i bhfeidhm le cur san áireamh gur cuireadh isteach ar fhoghlaim na scoláirí le linn phaindéim Covid-19, ní raibh an chéad scrúdú deiridh ar siúl go dtí Meitheamh 2022.

Le linn na bliana acadúla dár gcionn, thug an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) faoi chomhairliúchán le múinteoirí, scoláirí agus páirtithe leasmhara faoina dtaithí ar chur i bhfeidhm an churaclaim chun an méid seo a leanas a mheas agus a fhiosrú:

- an chaoi a bhfuil ag éirí leis an tsonraíocht an fhoghlaim lena bhfuiltear ag súil san ábhar agus sa Chreat don tSraith Shóisearach go ginearálta a chur chun cinn
- gnéithe measúnaithe de na hábhair agus tuairimí na scoláirí agus na múinteoirí orthu
- conas a úsáideann múinteoirí a mbreithiúnas gairmiúil d'fhonn an tsonraíocht nua a stiúradh sna scoileanna agus sna seomraí ranga.

D'aimsigh an *Tuarascáil ar chur i bhfeidhm luath Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí (CNCM, 2023)* láidreachtaí agus dúshláin. Mar fhreagairt ar na dúshláin a sainaithníodh sa tuarascáil, tionóladh Meitheal Forbartha NTI i mí Eanáir 2024 chun leasuithe ar an tsonraíocht churaclaim a chur chun cinn. Is féidir teacht ar an tuarascáil agus treoir iomlán do na leasuithe molta anseo. Is fiú a lua gur bhain cuid de na léargais ón tuarascáil seo le cur i bhfeidhm níos leithne an Chreata don tSraith Shóisearach (FWJC15) agus, mar sin, go raibh siad lasmuigh de scóip na treorach do leasú na sonraíochta curaclaim.

## Forléargas

Cuireadh dréachtsonraíocht Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí ar fáil le haghaidh comhairliúchán poiblí náisiúnta ón 3 Bealtaine 2024 go dtí an 10 Lúnasa 2024. Ba é aidhm an chomhairliúcháin seo tuairimí oscailte agus macánta an phobail a lorg maidir leis an gcuraclam agus socruithe measúnaithe sa dréachtsonraíocht leasaithe do Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí.
Dhírigh na príomhréimsí fócais laistigh den chomhairliúchán ar dhréachtleasuithe ar shonraíocht fhoilsithe Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí. Go sonrach, dhírigh sé ar na ceisteanna seo a leanas:

- An gcuireann na leasuithe breis soiléire agus tacaíochta ar fáil?
- An bhfuil leibhéal na sonraí a chuirtear ar fáil leordhóthanach?
- Cad iad na tacaíochtaí eile a theastaíonn chun an tsonraíocht a chur i bhfeidhm go rathúil?

Léiríonn na freagraí a tugadh sa chomhairliúcháin go bhfuil dearcadh an-dearfach ann i leith na dréachtsonraíochta leasaithe ar an iomlán. Fáiltíodh roimh agus moladh go láidir na naisc dhíreacha bhreise idir dréachtsonraíocht NTI na Sraithe Sóisearaí agus an Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE) agus an Comhleabhar a ghabhann leis an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach (CL FTCE). D'fháiltigh rannpháirtithe roimh na leasuithe a rinneadh chun cur leis an nasc idir forbairt Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí agus foghlaim NTI agus dúirt go leagann na naisc bhreise béim ar fhorbairt iomlánaíoch foghlaimeoirí teanga, rud a shíl na rannpháirtithe a bheith an-dearfach ar fad. Bhí líon ard rannpháirtithe i bhfabhar na sonraí breise a cuireadh ar fáil maidir le nuatheangacha iasachta a theagasc agus a fhoghlaim, go háirithe an tsoiléire i dtaobh ról téacsanna agus an cur chuige dírithe ar ghníomh, a thacaíonn le haidhmeanna na sonraíochta le cur ar chumas an scoláire cumarsáid a dhéanamh go héifeachtúil agus sásamh a bhaint as nuatheangacha iasachta a fhoghlaim. D'fháiltigh rannpháirtithe roimh na leasuithe ar na snáitheanna, gnéithe agus torthaí foghlama a chuireann breis soiléire ar fáil i dtaobh ionchas maidir leis an scoláire.

Comhaontaíodh go láidir thar na modhanna rannpháirtíochta ar fad maidir le hord inbheartaithe na Measúnuithe Rangbhunaithe, agus glacadh go maith leis an eolas breise i dtaobh na Measúnuithe Rangbhunaithe. D'ainneoin gur fáiltíodh go forleathan leis na leasuithe seo, luaigh roinnt rannpháirtithe go raibh easpa soiléire ann maidir leis an amlíne do chur i gcrích na Measúnuithe Rangbhunaithe. Tharraing go leor rannpháirtithe aird ar an ngá le tacaíochtaí breise tráthúla a chur ar fáil le tacú le múinteoirí ciall a bhaint as na leasuithe agus tacú leo agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim leis an tsonraíocht leasaithe.

Tugann na rannáin seo a leanas achoimre ar an bpróiseas comhairliúcháin (Cuid a hAon) agus tugtar léargais níos mionsonraithe i gCuid a Dó ar an aiseolas ón gcomhairliúchán, agus tá na príomhúdair mhachnaimh agus tátail le fáil i gCuid a Trí.

# Cuid 1: An Próiseas Comhairliúcháin

Is príomhghné de chuid obair CNCM é comhairliúchán, ina n-imríonn an t-aiseolas ón bpobal, scoileanna, suíomhanna, grúpaí sainleasa oideachais agus páirtithe eile tionchar ar chomhairle (CNCM, 2022). Sa rannán seo a leanas, tá cur síos ar an gcur chuige modheolaíochta a úsáideadh le linn an chomhairliúcháin, a bhfuil na prionsabail a leagadh síos i Straitéis Taighde (2023-2026) CNCM mar bhunús leis, agus tugtar achoimre ann ar an rannpháirtíocht le linn an chomhairliúcháin.

## Cur chuige modheolaíoch

Cuimsíodh leis an gcomhairliúchán ar dhréachtsonraíocht leasaithe Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí roinnt modhanna rannpháirtíochta le linn na tréimhse comhairliúcháin deich seachtaine:

- Suirbhé ar líne
- Aighneachtaí scríofa
- Cuairteanna scoile
- Fócasghrúpaí chun léargais a fháil ó pháirtithe leasmhara.

Baineadh leas as cur chuige na samplála féinroghnaithe le páirt a ghlacadh sa suirbhé ar líne, san aighneacht scríofa, agus sna seisiúin fócasghrúpa. Tugadh cuireadh do scoileanna a spéis maidir le cuairt scoile a óstáil a chur in iúl trí fhoirm Léirithe Spéise le páirt a ghlacadh i bhforbairtí curaclaim CNCM. Tugadh cuireadh do pháirtithe leasmhara a gcuid tuairimí a roinnt trí aighneachtaí i scríbhinn agus/nó sa suirbhé ar líne. I dTábla 1 tugtar léargas ginearálta ar na rannpháirtithe ar fad thar na modhanna rannpháirtíochta ar fad agus tugtar eolas níos mionsonraithe thíos maidir le gach modh rannpháirtíochta.

Rinneadh taifeadadh scríofa ar na seisiúin phlé ar fad le linn fócasghrúpaí agus cuairteanna scoile. Coinníodh na sonraí ar fad ón gcomhairliúchán mar chomhaid dhigiteacha de réir Bheartas Cosanta Sonraí CNCM (2023). Coinníodh príobháideachas na rannpháirtithe ar fad tríd an anaithnidiú, ach amháin sa chás gur thug eagraíocht cead soiléir í a aithint i gcomhthéacs eagraíochtaí a bhí rannpháirteach sa chomhairliúchán.

Baineadh úsáid as cur chuige téamach chun anailísiú a dhéanamh ar aiseolas agus bhí sé frámaithe de réir réimsí leathana fócais sa chomhairliúchán. Chabhraigh sé sin leis na téamaí sna sonraí a bailíodh a aithint agus anailís a dhéanamh orthu. Cuirtear achoimre ar an anailís sin i láthair i gCuid a Dó den tuarascáil seo.

## Freagraí ar an gcomhairliúchán

| Modh comhairliúcháin | Forbhreathnú ar na rannpháirtithe | Líon na rannpháirtithe |
|---|---|---|
| Suirbhéanna ar líne | Múinteoirí, tuismitheoirí, taighdeoirí, oideoirí múinteoirí | 70 |
| Aighneachtaí scríofa | Teangacha Iar-bhunscoile Éireann | 1 |
| Cuairteanna scoile | 7 scoil, 22 múinteoir NTI, 61 scoláire | 83 |
| Fócasghrúpaí | 20 múinteoir, 2 thaighdeoir, 2 chomhlacht foilsitheoireachta | 24 |

*Tábla 1: Leibhéil rannpháirtíochta ar fud an chomhairliúcháin*

### Suirbhé ar líne

Úsáideadh suirbhé chun aiseolas a bhailiú ó aon duine a bhí ag iarraidh a gcuid tuairimí maidir leis an dréachtsonraíocht leasaithe a roinnt. Roinneadh an suirbhé seo ar líne trí www.ncca.ie, thar ardáin meáin shóisialta CNCM agus trí ríomhphost le páirtithe leasmhara ar nós Oide, TIBÉ agus Líonraí Gairmiúla Múinteoirí a dhéanann ionadaíocht ar son múinteoirí Fraincise, Gearmáinise, Iodáilise agus Spáinnise. Bhí 70 freagairt ar an suirbhé ar an iomlán. Dúirt 68 freagróir gur múinteoirí iar-bhunscoile Fraincise (47), Gearmáinise (25), Iodáilise (2) agus Spáinnise (18) iad agus dúirt beirt mhúinteoirí nach raibh NTI ar bith á múineadh acu ag an am. Dúirt 15 rannpháirtí gur tuismitheoirí iad agus dúirt beirt rannpháirtithe gur oideoirí múinteoirí/taighdeoirí iad. Bhí cead ag rannpháirtithe níos mó ná rogha amháin a phiocadh.

### Cuairteanna scoile

Maidir leis na fócasghrúpaí sna scoileanna, roghnaíodh sampla ionadaíoch ó 58 scoil a léirigh spéis chun páirt a ghlacadh sna forbairtí i gcuraclam NTI na Sraithe Sóisearaí Roghnaíodh 8 scoil trí úsáid a bhaint as critéir a bhaineann le méid agus cineál na scoile, inscne, stádas DEIS agus na teangacha a chuirtear ar fáil, faoi mar a shonraítear i dTábla 2. Tharla na cuairteanna ar na scoileanna seo idir an 14 Bealtaine agus an 22 Bealtaine 2024.

Bhain cruinnithe le fócasghrúpaí do scoláirí ón dara go dtí an cúigiú bliain agus do mhúinteoirí NTI le gach cuairt scoile. Iarradh toiliú tuismitheora agus aontú scoláire do rannpháirtithe cuairte scoile faoi bhun 18 mbliana d'aois. Tugadh deis do scoileanna nár roghnaíodh do chuairt scoile an uair seo ball foirne a roghnú chun freastal ar cheann de na cruinnithe fócasghrúpa ina ionad sin. B'éigean do scoil amháin tarraingt siar as an bpróiseas ar ghearrfhógra. Mar gheall ar dhearadh an sceidil comhairliúcháin, níorbh fhéidir an chuairt a athsceidealú chun scoileanna eile a éascú ó liosta na bhfreagróirí a raibh suim acu in am.

| Cineál Scoile | Staitisticí náisiúnta | Staitisticí an tsampla |
|---|---|---|
| Meánscoil Dheonach | 51% | 50% |
| Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha | 21% | 25.00% |
| Scoil de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna | 29% | 25.00% |
| Stádas DEIS | 32% | 25% |
| Stádas neamh-DEIS | 68% | 75% |
| Scoil Ghaeilge | 7% | 12.50% |
| Scoil Chomhoideachais | 70% | 75% |
| Cailíní ar fad | 17% | 12.50% |
| Buachaillí ar fad | 13% | 12.50% |
| Beag (<350) | 27% | 12.50% |
| Meánach (350-699) | 41% | 37.50% |
| Mór (>700) | 32% | 50% |

*Tábla 2: Sampla na scoileanna a roghnaíodh do na cuairteanna scoile*

### Cruinnithe le fócasghrúpaí

Tugadh cuireadh trí ghlao oscailte do rannpháirtithe páirt a ghlacadh i gceann amháin de thrí chruinniú le fócasghrúpaí. Ar an iomlán, reáchtáladh trí chruinniú le fócasghrúpaí i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath agus ar líne, agus d'fhreastail 5, 5 agus 15 rannpháirtí orthu sin faoi seach.

### Aighneachtaí i scríbhinn

Roinneadh tairiscintí chun aighneacht scríofa a leagan isteach ar líne trí www.ncca.ie, thar ardáin meáin shóisialta CNCM agus trí ríomhphost chuig páirtithe leasmhara ar nós Oide, Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), TIBÉ agus Líonraí Gairmiúla Múinteoirí a dhéanann ionadaíocht ar son múinteoirí Fraincise, Gearmáinise, Iodáilise agus Spáinnise. Fuarthas aighneacht scríofa amháin ó TIBÉ.

Déantar iniúchadh sa chéad chuid eile ar an aiseolas a bailíodh i rith an chomhairliúcháin ar fud na modhanna éagsúla comhairliúcháin.

# Cuid 2: Aiseolas ón gcomhairliúchán

Sa chuid seo tá léargas ar an aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin. Rinneadh an t-aiseolas a ghrúpáil sna réimsí seo a leanas:

- Réamhrá, Réasúnaíocht agus Aidhmeanna
- Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí
- Teagasc agus Foghlaim
- Ionchais maidir leis an scoláire
- Measúnú agus tuairisciú
- Tacaíochtaí do chur i bhfeidhm rathúil agus tuairimí eile.

## Réamhrá, Réasúnaíocht agus Aidhmeanna

Ar an iomlán, d'fháiltigh rannpháirtithe go forleathan roimh nuashonrú na sonraíochta le go mbeadh ailíniú níos mó ann leis an FTCE. Síleadh go raibh na naisc leis an FTCE níos follasaí, agus níos soiléire don léitheoir dá bharr sin. Comhaontaíodh go hiomlán go bhfuil an ghluais téarmaí a cuireadh isteach an-áisiúil ar fad agus go gcabhraíonn sí le téarmaíocht nach eol don léitheoir a shoiléiriú.

*"Tá go leor téarmaíocht nua ann anois agus níl an t-uafás taithí agam ar NTI a theagasc, mar sin, bíonn an stór focal seo iomarcach dom, agus mar sin, is maith an rud é go mínítear é sa ghluais a chuirtear ar fáil." (Múinteoir, cuairt scoile)*

Luaigh roinnt rannpháirtithe easpa soiléire maidir le roinnt príomhchoincheap ar nós 'ilteangachas', 'idirghabháil' agus 'an cur chuige dírithe ar ghníomh' a thuiscint agus mhol siad go rachadh breis eolais chun leasa dóibh.

## Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí

D'fháiltigh rannpháirtithe roimh an eolas agus soiléire bhreise maidir leis na naisc idir nuatheangacha iasachta na sraithe sóisearaí a fhoghlaim agus forbairt Phríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí. Síleadh go raibh an t-eolas sa rannán seo dea-fhorbartha agus an-soiléir.

*"Tá na naisc nua cabhrach - is féidir leis a bheith rud beag iomarcach ag an tús ach tá ciall leis ansin nuair a thosaíonn tú á chur i bhfeidhm i gcomhthéacs an tseomra ranga. Is uirlis úsáideach pleanála í – is pointe maith tagartha é. Cinntíonn sé go mbaintear leas as gach scil." (Múinteoir, cuairt scoile)*

D'aontaigh freagróirí an tsuirbhé ar an iomlán go raibh na leasuithe soiléir, cé gur tugadh aiseolas éagsúil maidir lé cé chomh mionsonraithe agus a bhí siad. Theastaigh ó roinnt rannpháirtithe go mbeadh na leasuithe níos mionsonraithe agus ag an am céanna mhol rannpháirtithe eile líon na sonraí a laghdú leis an eolas a choimeád gonta agus simplí. Thug go leor rannpháirtithe le fios go raibh an t-eolas breise úsáideach go háirithe do bhainistíocht na scoile agus do thuismitheoirí mar go gcabhraíonn sé leis na tairbhí ginearálta a bhaineann leis an bhfoghlaim teanga a shoiléiriú.

*"Ní teanga amháin a bhíonn á teagasc ach scileanna, ionchuimsitheacht, oscailteacht do luachanna domhanda agus Eorpacha, acmhainneacht agus oscailteacht do bhotúin. Ní dóigh liom go gcuirtear seo in iúl sách minic don bhainistíocht shinsearach agus do thuismitheoirí." (Múinteoir, fócasghrúpa)*

Mhol rannpháirtithe go ndéanfaí ábhair thacaíochta bhreise cosúil le grafaicí eolais, póstaeir agus bileoga do thuismitheoirí a chur ar fáil.

## Teagasc agus Foghlaim

Bhí comhaontú forleathan ann gur chuir na leasuithe ar an rannán seo den tsonraíocht le soiléire agus tacaíocht do mhúinteoirí maidir le teagasc agus foghlaim teanga. Mhol rannpháirtithe go láidir na sonraí breise maidir leis an FTCE agus a phríomhchoincheapa. Braitheadh go raibh an téacs breise maidir le punann teanga an scoláire a fhorbairt úsáideach ó thaobh cabhrú leis an múinteoir an phunann a úsáid le tacú leis an bhfoghlaim sa tsraith shóisearach agus ó thaobh an chaoi a gcabhraíonn sé le scóip na punainne teanga a leathnú le go mbeadh níos mó i gceist léi ná modh measúnaithe. D'fháiltigh múinteoirí roimh an rannán breise maidir le 'léargais ar shealbhú an dara teanga' agus dúirt siad go gcuireann sé tacaíochtaí breise ar fáil do mhúinteoirí ar an gcaoi a bhfoghlaimítear teangacha. Luaigh roinnt múinteoirí go raibh an taighde a cuireadh isteach an-úsáideach ach, mar sin féin, go bhféadfaí breis léargas ó thaighde éiritheach a chur isteach trí ábhair thacaíochta bhreise le cinntiú gur féidir leis an eolas cothrom le dáta cabhrú le múinteoirí cinntí eolacha agus fianaisebhunaithe a dhéanamh agus sonraíocht NTI na Sraithe Sóisearaí á teagasc acu.

Shíl formhór mór rannpháirtithe an tsuirbhé go raibh na leasuithe cabhrach nó an-chabhrach. Bhí líon beag freagróirí ann nár shíl go raibh an t-eolas breis cabhrach agus dúirt siad nach raibh gá leis. Léirigh roinnt múinteoirí easpa tuisceana maidir leis an gcur chuige dírithe ar ghníomh agus maidir le cuid de na príomhchoincheapa a bhaineann leis an gcur chuige seo. Thuairiscigh siad go bhféadfadh níos mó samplaí praiticiúla sa chur síos tacú leo agus an cur chuige seo á chur i bhfeidhm acu ina gcleachtas laethúil sa seomra ranga.

Mhol rannpháirtithe thar na modhanna rannpháirtíochta uile go mór na tacaíochtaí breise a chuirtear ar fáil in aguisíní na dréachtsonraíochta. Bhí comhaontú soiléir ann go dtacaíonn na tacaíochtaí breise a cuireadh ar fáil le múinteoirí pleanáil do theagasc, foghlaim agus measúnú.

*"Tá an cháipéis seo i ndiaidh go leor béarlagair a shimpliú - tá sí an-inrochtana agus soiléir – ba cheart go mbeadh cúrsaí faoi lánseol i ngach seomra ranga sa tír. Tá sí nasctha leis na Torthaí Foghlama ar bhealach tacúil – tá i bhfad níos mó céille léi. Tá an t-amharcléiriú fíormhaith agus ligeann sé don scoláire rochtain a fháil ar rudaí agus iad a thuiscint níos fearr." (Múinteoir, fócasghrúpa)*

D'fháiltigh rannpháirtithe go háirithe roimh na tacaíochtaí praiticiúla breise maidir leis na réimsí úsáide teanga agus na cásanna taisc le nótaí ar leathanaigh 33-38 den dréachtsonraíocht leasaithe, agus thuairiscigh gur chuir siad tacaíochtaí soiléire praiticiúla ar fáil don mhúinteoir.

*"Bhí an-sceitimíní orm faoi seo. Ligeann sé seo duit bogadh ar aghaidh chuig réimsí níos airde más maith leat." (Múinteoir, fócasghrúpa)*

Bhí imní ar roinnt rannpháirtithe go bhféadfadh múinteoirí neamhaird a dhéanamh de na hábhair bhreise thacaíochta a cuireadh leis an tsonraíocht leasaithe, agus luadh go dteastaíonn breis tacaíochtaí le cabhrú le múinteoirí a bheith ag obair leis an tsonraíocht leasaithe agus na tacaíochtaí breise a chuirtear ar fáil sna haguisíní.

Luaigh líon beag rannpháirtithe go raibh ainmneacha na snáitheanna agus na ngnéithe i sonraíocht NTI na Sraithe Sóisearaí éagsúil leis na cinn a úsáidtear sna sonraíochtaí curaclaim bunscoile agus Sraithe Sinsearaí, agus dúirt siad gurbh fhearr leo dá mbeadh comhleanúnachas agus ailíniú níos mó ann le CL FTCE ó thaobh na teanga a úsáidtear i ngach céim den chóras oideachais.

## Ionchais maidir leis an scoláire

Bhí freagraí na rannpháirtithe maidir leis na snáitheanna, gnéithe agus torthaí foghlama an-dearfach ar fad. Thuairiscigh múinteoirí go raibh feabhas suntasach i ndiaidh teacht ar shoiléire na dtorthaí foghlama. Thuairiscigh múinteoirí freisin gur thug na samplaí léiritheacha a cuireadh ar fáil sna torthaí foghlama breis soiléire gan iad a dhéanamh sainordaitheach. Lorg roinnt rannpháirtithe go ndéanfar an fonóta a deir *"Tá gach sampla léiritheach agus níl siad ceaptha a bheith uileghabhálach."* atá istigh ar leathanach 22 faoi láthair maidir le Snáithe 1 a chur isteach i gcás gach ceann de na snáitheanna.

Fáiltíodh go forleathan roimh an téacs tuairisciúil breise le gach ceann de na snáitheanna a mhíniú. Thagair roinnt múinteoirí don ghá leis an téarma 'ilteangachas' a mhíniú a thuilleadh sa tsonraíocht.
Dúirt go leor múinteoirí freisin go ndéanann na tacaíochtaí amhairc laistigh den tsonraíocht níos soiléire a chomhtháite is atá na snáitheanna agus na ngnéithe.

I gcás na bhfreagróirí nár aontaigh leis an ráiteas go raibh na torthaí foghlama soiléir agus go raibh méid cuí sonraí iontu, luaigh cuid mhór acu go raibh gá le níos mó mionsonraí agus samplaí praiticiúla.

> *"Cé go ndearnadh leasú ar fáiltíodh roimhe ar na torthaí foghlama, tá formhór acu ródhoiléir fós agus ní chabhraíonn siad i ndáiríre leis an bpleanáil. Teastaíonn tuilleadh soiléire shonrach maidir le gach toradh." (Freagróir suirbhé)*

Léirigh siad imní go raibh sé ró-éasca do chiall féin a bhaint as na torthaí foghlama agus go mbeadh orthu "líon ábhar gan srian a theagasc." (Freagróir an tsuirbhé) Níor aontaigh cuid de na freagróirí le húsáid torthaí foghlama go ginearálta, agus thug siad le fios siad go ndéanfadh liosta soiléir na míreanna gramadaí agus na dtopaicí nó téamaí stór focal atá le teagasc an tsoiléire a theastaíonn uathu mar mhúinteoirí a chur ar fáil.

Agus iad i mbun plé ar cé acu a bhí nó nach raibh bearnaí sna hionchais leasaithe don scoláire, thuairiscigh go leor rannpháirtithe go raibh siad sásta leis an laghdú i líon foriomlán na dtorthaí foghlama agus leis an gcaoi a bhfuil dáileadh níos cothroime torthaí foghlama ann anois thar na snáitheanna agus na gnéithe. D'ainneoin nár theastaigh torthaí foghlama breise uathu, thagair roinnt múinteoirí don ghá tagairt níos dírí a dhéanamh d'úsáid teicneolaíochtaí digiteacha le tacú leis an bhfoghlaim teanga. Thug siad le fios, cé go dtagraítear dó seo sna naisc chuig na Príomhscileanna, go bhfáilteofaí sna snáitheanna ar fad roimh thagairtí díreacha d'úsáid eiticiúil agus mhacánta teicneolaíochtaí digiteacha in úsáid agus i bhfoghlaim teangacha. Dúirt scoláirí an

rud céanna, agus thug siad le fios go mbíonn sé *"cabhrach scileanna digiteacha a thabhairt isteach agus gur ghá go mbeidís sa seomra ranga i bhfad níos minice."* (Scoláire, fócasghrúpa).

Agus plé níos mine a dhéanamh ar gach snáithe agus na torthaí foghlama a ghabhann léi, bhí múinteoirí an-dearfach ar fad maidir leis na gnéithe nuashonraithe i Snáithe 1 agus luaigh go léiríonn na gnéithe cur chuige níos nádúrtha i leith na foghlama teanga anois.

> *"Tá na gnéithe nua seo laistigh den snáithe seo i bhfad níos soiléire anois - tá sé fíorúsáideach cónascadh a dhéanamh idir na torthaí foghlama – tá níos mó céille leis – tá i bhfad níos mó soiléire ann anois!" (Múinteoir, fócasghrúpa)*

Agus plé á dhéanamh acu ar Shnáithe 2, mhol rannpháirtithe na leasuithe sa snáithe seo agus thuairiscigh go ndéanann siad i bhfad níos soiléire a bhfuiltear ag súil leis ón scoláire sa snáithe seo. D'fháiltigh roinnt rannpháirtithe go háirithe roimh an gcaoi a dtugtar aitheantas níos dírí anois d'fheasacht teanga reatha an scoláire.

> *"Fíorthábhachtach an 'fheasacht teanga' seo a bheith ann, go háirithe anois le tabhairt isteach NTI ag leibhéal na bunscoile. Beidh an scoláire níos i dtiúin leis an bhfoghlaim teanga agus é ag teacht isteach sa chéad bhliain." (Rannpháirtí fócasghrúpa)*

Tharraing rannpháirtithe aird freisin ar úsáid 'lucht féachana agus cuspóir cumarsáide' a bheith ina chuid den snáithe seo ar fáiltíodh roimhe, rud a dhéanann níos dírí an nasc idir an fheasacht teanga agus an chumarsáid, agus a thacaíonn a thuilleadh leis an gcur chuige dírithe ar ghníomh i leith na foghlama teanga.

Thuairiscigh roinnt rannpháirtithe easpa soiléire maidir le Snáithe 2, ag rá go raibh cuid de na torthaí foghlama rud beag doiléir agus nár thug siad dóthain eolais maidir leis an eolas sonrach a theastaíonn ón scoláire. Cé gur síleadh go raibh na leasuithe ar an snáithe seo dearfach, luaigh roinnt rannpháirtithe go mbeadh breis sonraí agus samplaí cabhrach, go háirithe maidir le heolas i dtaobh an chaoi a n-oibríonn an sprioctheanga.

Agus Snáithe 3 á plé, fáiltíodh d'aon ghuth roimh na leasuithe, agus dúirt rannpháirtithe thar gach ceann de na modhanna comhairliúcháin gur chuir na leasuithe soiléire leis an ngné seo den tsonraíocht.

> *"Is iontach an rud é an ghné maidir le feasacht chultúrtha a bheith sa tsonraíocht nua – tá sé níos orgánaí anois – tá sé níos éasca é a thuiscint." (Múinteoir, fócasghrúpa)*

D'fháiltigh formhór mór rannpháirtithe na bhfócasghrúpaí roimh an tagairt dhíreach d'úsáid na sprioctheanga sa snáithe seo, agus thug le fios nach bhfuil sé chomh héiginnte céanna anois gur gá na torthaí foghlama a bhaineann leis an snáithe seo a bhaint amach sa sprioctheanga. Shíl roinnt rannpháirtithe nach raibh an tagairt sách díreach agus lorg siad breis tagartha dó seo i gcur síos inste Shnáithe 3.

D'fháiltigh go leor rannpháirtithe roimh bhaint amach na foclaíochta "tír na sprioctheanga", a ndearnadh "tíortha na sprioctheanga" a chur isteach ina áit, rud a spreagann feasacht chultúrtha níos doimhne go síneann teangacha thar theorainneacha tíreolaíocha.

D'ainneoin gur mhol siad a leithne agus a chumarsáidí is atá na snáitheanna agus na torthaí foghlama a chuirtear i láthair, dúirt go leor rannpháirtithe go bhfuil an t-am a bhíonn ar fáil chun nuatheangacha iasachta a theagasc sa tsraith shóisearach ar cheann de na dúshláin is mó a bhaineann leis an tsonraíocht a chur i bhfeidhm. Luaigh go leor múinteoirí gur mhinic a thug siad tús áite do ghnéithe den chúrsa a dhéantar a mheas sa scrúdú stáit. Dhearbhaigh go leor scoláirí go ndíríonn múinteoirí ar ullmhúchán scrúdaithe agus nach gcaitheann siad, dar leo, dóthain ama ar an idirghníomhú labhartha. Thug go leor scoláirí le fios gurbh é an rud ba mhó a thaitin leo faoin bhfoghlaim teanga ná an t-idirghníomhú labhartha agus cur i bhfeidhm fíorshaoil na foghlama teanga. Thuairiscigh siad go ndéantar faillí sa ghné seo den fhoghlaim teanga go minic chun díriú ar scileanna a shíltear a bheith riachtanach don scrúdú a fhorbairt.

> *"Leagtar béim níos mó ar an scríbhneoireacht agus ar an éisteacht agus ní leagtar béim chomh mór sin ar an gcaint agus ba cheart go mbeadh a mhalairt i gceist." (Scoláire, fócasghrúpa)*

Luaigh go leor rannpháirtithe thar na modhanna comhairliúcháin uile an gá le cinntiú go mbíonn na leasuithe le brath sna scrúduithe i ngach ceann de na ceithre theanga churaclaim agus leag siad béim ar an tábhacht a bhaineann le hailíniú idir an tsonraíocht agus na scrúduithe.

## Measúnú agus Tuairisciú

Iarradh ar rannpháirtithe thar gach ceann de na modhanna rannpháirtíochta aiseolas a thabhairt ar leasuithe a bhain le hord inbheartaithe Mheasúnú Rangbhunaithe 1 agus 2, agus ar shoiléire agus líon na sonraí a chuirtear ar fáil sna leasuithe ar an rannán seo i sonraíocht NTI na Sraithe Sóisearaí. Tugtar achoimre ar an aiseolas thíos. Is fiú a lua gur bhain cuid de na léargais a bailíodh le linn an chomhairliúcháin seo le cur i bhfeidhm níos leithne an Chreata don tSraith Shóisearach (2015) agus go bhfuil siad lasmuigh de scóip na Treorach don Mheitheal Forbartha. Leagtar na léargais sin amach thíos agus athluaitear iontu cuid den aiseolas a tuairiscíodh sa Tuarascáil ar chur i bhfeidhm NTI na Sraithe Sóisearaí ar mhaithe le machnamh na bpáirtithe leasmhara uilig a bhfuil baint acu le cur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach.

### Réasúnaíocht na Measúnuithe Rangbhunaithe i Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí

Glacadh go maith thar na modhanna uile rannpháirtíochta leis an eolas breise maidir le réasúnaíocht na MRBanna in NTI na Sraithe Sóisearaí. Thuairiscigh rannpháirtithe na bhfócasghrúpaí gur leag na sonraí breise béim ar shoiléire ról na MRBanna san fhoghlaim teangacha. Dúirt rannpháirtithe freisin go raibh na naisc idir na Measúnuithe Rangbhunaithe agus forbairt Phríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí níos follasaí mar gheall ar na sonraí breise, agus síleadh gur forbairt dhearfach é sin.

D'aontaigh formhór mór fhreagróirí an tsuirbhé nó d'aontaigh go láidir go bhfuil an réasúnaíocht soiléir agus go dtugtar leibhéal cuí sonraí ann. Shíl roinnt freagróirí an tsuirbhé nach raibh an

réasúnaíocht taobh thiar de na MRBanna sách soiléir. Is é an phríomhchúis a luaigh na rannpháirtithe sin a thug aiseolas breise ná nár shíl siadsan agus/nó a gcuid scoláirí go raibh na MRBanna luachmhar mar mhodh measúnaithe. Thuairiscigh roinnt rannpháirtithe nár bhain sé seo leis an eolas a cuireadh ar fáil sa tsonraíocht ach leis an gcaoi nach raibh na MRBanna san áireamh sa toradh deiridh, rud a dhéanann deacair é do mhúinteoirí a luach a fheiceáil.

*"Níl an réasúnaíocht taobh thiar de na MRBanna sách soiléir, is deacair spéis an scoláire a spreagadh nuair atá díomá ar mhúinteoirí mar gheall ar na MRBanna." (Freagróir suirbhé)*

## Ord inbheartaithe na Measúnuithe Rangbhunaithe

Maidir le hord inbheartaithe na Measúnuithe Rangbhunaithe, léirigh an t-aiseolas ó na fócasghrúpaí, cuairteanna scoile agus aighneachtaí scríofa go raibh rannpháirtithe i bhfabhar an inbheartaithe nach mór d'aon ghuth, cé gur chuir na freagróirí suirbhé tuairimí measctha in iúl maidir le cé acu a fheabhsóidh nó nach bhfeabhsóidh an t-ord inbheartaithe eispéireas an scoláire. Dúirt na rannpháirtithe a d'fháiltigh roimh an ord inbheartaithe gurb iad níos mó féinmhuiníne, cumas níos fearr teanga agus breis aibíochta na príomhchúiseanna arbh fhearr leo MRB 2 Cumarsáid ó Bhéal a bheith le déanamh sa chéad téarma den tríú bliain.

*"Taitníonn sé go mór liom go bhfuil an t-ord tiontaithe. Braithim i dtús an tríú bliain go mbíonn tú ag dul siar arís ar na bunrudaí, mar sin, baineann ciall leis an MRB nua a dhéanamh anseo." (Múinteoir, cuairt scoile)*

Maidir leo siúd a d'easaontaigh go gcuirfeadh an t-ord inbheartaithe feabhas ar eispéireas an scoláire, thuairiscigh siad roinnt cúiseanna leis an tuairim seo. D'easaontaigh cuid mhór leis na MRBanna go ginearálta agus le dhá MRB go háirithe. Thuairiscigh roinnt freagróirí nach raibh an réasúnaíocht taobh thiar den ord a aisiompú soiléir dóibh. Léirigh roinnt rannpháirtithe imní nach leanfar le Punann Teanga an Scoláire (PTS) i ndiaidh don scoláire MRB 1 a chur i gcrích agus thug siad le fios go dteastaíonn breis soiléire agus sonraí sa tsonraíocht churaclaim agus sna Treoirlínte Measúnaithe le tacú leis an múinteoir agus leis an scoláire ina thaobh seo.

*"D'fhéadfadh sé tarlú mar gheall ar inbheartú an dá thasc MRB go n-éireodh roinnt múinteoirí agus cuid mhór scoláirí as PTS i ndiaidh MRB 1. Teastaíonn i bhfad níos mó sonraí agus samplaí praiticiúla maidir leis na caighdeáin ghnóthachtála ó mhúinteoirí agus ó scoláirí araon. Teastaíonn soiléire maidir le húsáid prapaí amhairc agus teanga le linn MRB 1 agus MRB 2 (léamh ó PowerPoint, úsáid a bhaint as leidchártaí, srl.)" (Freagróir suirbhé)*

Léirigh roinnt rannpháirtithe imní maidir le leibhéil mhéadaithe imní agus brú sa tríú bliain nuair is gá don scoláire ullmhú don Scrúdú Stáit agus ní fhaca siad luach MRB Cumarsáid ó Bhéal le linn na bliana sin.

Bhí na scoláirí i bhfabhar an oird inbheartaithe nach mór d'aon ghuth agus thug siad le fios go bhfeabhsódh sé a n-eispéireas dá gcuirfidís MRB Cumarsáid ó Bhéal i gcrích sa chéad téarma den tríú bliain. Dúirt go leor scoláirí gur bhraith siad faoi bhrú mór mar gheall ar an MRB ó bhéal sa dara bliain agus luaigh siad go minic gur bhraith siad go raibh orthu ábhar nár thuig siad a fhoghlaim de ghlanmheabhair chun an MRB seo a chur i gcrích. Luaigh go leor daoine freisin gur bhraith siad imníoch agus an MRB seo á chur i gcrích acu os comhair a ranga agus go mbeadh sé

seo níos fusa dóibh sa tríú bliain mar go mbeadh aithne níos fearr acu ar a gcomhscoláirí agus go mbraithfidís níos compordaí lena gcuid piaraí. Dúirt go leor scoláirí freisin go mbeidís níos cumasaí sa teanga agus go mbeadh an fhéinmhuinín acu cinntí níos cruthaithí a dhéanamh agus topaic agus formáid a MRB á roghnú acu. Nuair a lorgaíodh tuairimí ó na scoláirí maidir leis an tábhacht a bhaineann le scileanna teanga ó bhéal a fhorbairt, dúirt na scoláirí ar fad gurbh é seo an ghné den fhoghlaim teanga ba mhó ar bhain siad sult as agus gur mhaith leo díriú air seo níos mó sa tsraith shóisearach. Chabhródh sé sin leo agus iad ag ullmhú don MRB ó bhéal agus don tsraith shinsearach.

> *"Tá sé níos tábhachtaí a bheith ábalta comhrá a dhéanamh ná tuiscint a bheith agat ar struchtúr na teanga. Is gá go mbeadh comhrá ceart i gceist. Ní raibh an deis againn seo a dhéanamh inár gcuid roghanna don tSraith Shóisearach. Táimid á dhéanamh sa chúigiú bliain anois, mar shampla, "Céard a rinne tú inniu?" Is úsáideach an rud é sin." (Scoláire, cuairt scoile)*

D'ainneoin na tacaíochta láidre d'ord inbheartaithe na MRBanna, thuairiscigh scoláirí go raibh frustrachas orthu nár chuir na MRBanna lena marcanna foriomlána i scrúduithe na Sraithe Sóisearaí. Thug cuid mhór rannpháirtithe le fios gur síleadh na MRBanna a bheith ina imeacht measúnaithe suntasach ar cheart cúiteamh suntasach a bheith i gceist leis.

> *"Baineann strus leis ach dá mbronnfaí céatadán air b'fhiú an strus. Déanann na múinteoirí scéal mór de. Is mór an méid é le bainistiú nuair nach gcúitítear duit é." (Scoláire, cuairt scoile)*

## Samplaí MRB 1 ó mo Phunann Teanga Scoláire (PTS)

Nuair a lorgaíodh tuairimí maidir leis na leasuithe ar PTS, bhí comhaontú an-láidir i measc na rannpháirtithe go raibh na leasuithe cabhrach. Thacaigh múinteoirí agus scoláire go háirithe leis an gcaoi ar féidir leis an scoláire anois mír a roghnú do Shamplaí MRB 1 ó Phunann Teanga an Scoláire ó thrí mhír ar bith ón gcéad nó ón dara bliain. Cé nach raibh taithí ar bith ag roinnt scoláirí ar phunann a chur i gcrích, thuairiscigh cuid mhór acu gur bhain siad taitneamh as téacsanna a chruthú dá bpunann agus féachaint conas mar a tháinig feabhas ar a gcumas teanga le himeacht aimsire.

> *"Baineann níos lú struis leis ná mar a bhaineann leis an mbéaltriail sa mhéid is gur féidir leat féin an cinneadh a dhéanamh maidir leis an obair is fearr de do chuid le cur isteach." (Scoláire, cuairt scoile)*

Thuairiscigh scoláirí gur bhain siad sult faoi leith as tascanna a thug deis dóibh teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid agus úsáid a bhaint as an teanga i gcomhthéacsanna réadúla. D'fháiltigh múinteoirí roimh an athrú seo, ag rá go ligfeadh sé seo dóibh an phunann a leabú sa ghnáthchleachtas seomra ranga ó thús na chéad bhliana. Luaigh múinteoirí go mbaineann go leor buntáistí le PTS a mheas ag deireadh an dara bliain mar go dtugann sé seo dhá bhliain iomlána don scoláire an phunann a leabú i ngnáthchleachtas an tseomra ranga, agus ag an am céanna an t-ábhar óna phunann a úsáid mar thúsphointe agus é ag ullmhú do MRB Cumarsáid ó Bhéal.

*"Déanann sé seo níos ciallmhaire an rud ar fad. Tarraingt ón bpunann agus an MRB á chruthú – ba cheart go dtuigfeadh an scoláire gurb é seo atá ar eolas agam! Seo atá déanta agamsa!' Ba cheart dóibh tógáil uaidh seo. " (Múinteoir, fócasghrúpa)*

Lorg roinnt rannpháirtithe breis soiléire agus eolais maidir le punann teanga an scoláire, lena n-áirítear a ról agus a chuspóir san fhoghlaim teangacha. Luaigh siad go bhféadfaí bríonna éagsúla a bhaint as mar gheall ar an easpa soiléire agus chuir siad in iúl go bhfuil gá le hábhair thacaíochta bhreise le cabhrú le múinteoirí agus le scoláirí le forbairt PTS.

## MRB 2 Cumarsáid ó Bhéal

Ar an iomlán, dúirt na rannpháirtithe thar gach ceann de na modhanna rannpháirtíochta go raibh na leasuithe ar MRB Cumarsáid ó Bhéal soiléir agus gur tugadh na sonraí cuí ina thaobh. Léirigh roinnt rannpháirtithe imní maidir leis an bhfoclaíocht ar leathanach 30 den dréachtsonraíocht *"ullmhóidh agus déanfaidh an scoláire Cumarsáid ó Bhéal os comhair lucht éisteachta dá phiaraí"*. Dar leo, tarraingíonn an fhoclaíocht aird ar ghné thaibhitheach an taisc seachas ar an gcumarsáid bharántúil agus lorg siad go ndéanfaí an fhoclaíocht a athmheas. Phléigh rannpháirtithe na bhfócasghrúpaí an gá le soiléire bhreise maidir leis na gnéithe cáilíochta do MRB Cumarsáid ó Bhéal, rud a shoiléireodh an ról atá ag tacaíochtaí ar nós leideanna scríofa.

Tharraing rannpháirtithe na bhfócasghrúpaí aird ar an ngá atá ann leis an gcumarsáid ó bhéal a leabú sa ghnáthchleachtas seomra ranga sa tsraith shóisearach ar fad agus mhol siad an tagairt bhreise dó seo sa dréachtsonraíocht. Faoi mar a tuairiscíodh níos luaithe, thug roinnt múinteoirí agus scoláirí le fios gur minic a dhéantar faillí sa chumarsáid ó bhéal le díriú ar scileanna a dhéantar a mheas i scrúdú na Sraithe Sóisearaí.

D'ainneoin gur fháiltigh siad roimh ord inbheartaithe na MRBanna agus roimh MRB Cumarsáid ó Bhéal, dúirt go leor múinteoirí agus scoláirí go bhfáilteoidís roimh bhéaltriail a mheastar go seachtrach mar chuid de scrúduithe na Sraithe Sóisearaí.

## An Tasc Measúnaithe (TM)

Ar an iomlán, d'fháiltigh rannpháirtithe leis an Tasc Measúnaithe leasaithe a thagraíonn anois do MRB Cumarsáid ó Bhéal. D'fháiltigh múinteoirí roimh an bhforbairt seo agus dúirt go mbeadh sé níos fusa don scoláire machnamh a dhéanamh ar imeacht faoi leith, mar shampla Cumarsáid ó Bhéal, seachas ar fhorbairt PTS i gcaitheamh tréimhse níos faide ama. Luaigh múinteoirí freisin go bhféadfadh dearcadh níos dearfaí i leith an taisc measúnaithe a bheith ann mar thoradh air seo, mar go bhfuil MRB Cumarsáid ó Bhéal nasctha anois le 10% de na marcanna foriomlána a chuirfear le chéile don ghrád deiridh a dhéanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a bhronnadh.

Léirigh na scoláirí an gá go dtarlódh an tasc measúnaithe go gairid i ndiaidh MRB 2 ionas go mbeadh cuimhne sách maith acu air chun machnamh a dhéanamh air.

D'ainneoin gur fháiltigh siad roimh na leasuithe seo, léirigh go leor rannpháirtithe dearcadh diúltach maidir leis an tasc measúnaithe, rud a tháinig leis an aiseolas a tuairiscíodh sa Tuarascáil ar Chur i bhFeidhm Luath. Cheistigh rannpháirtithe thar gach ceann de na modhanna rannpháirtíochta cuspóir an mheasúnaithe seo agus thuairiscigh cuid mhór acu gurbh fhearr leo dá

dtiocfadh béaltriail a mheastar go seachtrach isteach ina áit. Léirigh cuid mhór de na rannpháirtithe freisin go raibh an measúnú seo dúshlánach go háirithe don scoláire nach é an Béarla a theanga dúchais agus mhol siad go mbeadh cead ag an scoláire freagra a thabhairt i mBéarla, i nGaeilge nó sa sprioctheanga.

> *"Tá sé rud beag díomách go ndéanfar an TM i mBéarla fós agus gur fiú 10% den toradh é cé nach fiú rud ar bith an bhéaltriail (MRB2). Ní bhraitheann sé ceart an oiread sin oibre a dhéanamh chun na scoláirí a chur ag caint agus gan grád a bhronnadh orthu mar chúiteamh ar an obair sin." (Freagróir suirbhé)*

## Tacaíochtaí do chur i bhfeidhm rathúil agus tuairimí eile

Ar an iomlán, léirigh múinteoir gá láidir le tacaíochtaí tráthúla agus cuimsitheacha lena n-áirítear FGL inseirbhíse do mhúinteoirí a thugann deis dóibh ciall a bhaint as na leasuithe agus a chabhraíonn leo pleanáil don teagasc, foghlaim agus measúnú le samplaí praiticiúla agus acmhainní a bhaineann go sonrach le teanga.

> *"An rannán idirghabhála – an téarma 'idirghabhháil' – níor úsáid mé an téarma seo roimhe seo ach tá na tuairisceoirí sna Torthaí Foghlama úsáideach lena thuiscint. Teastaíonn FGL uainn maidir leis na leasuithe seo ar fad – bheadh sé sin úsáideach – cabhróidh FGL linn an téarmaíocht nua seo a thuiscint." (Múinteoir, cuairt scoile)*

Lorg rannpháirtithe go minic ábhair thacaíochta bhreise a ailíníonn leis an gcur chuige dírithe ar ghníomh agus ar na príomhchoincheapa a bhaineann leis, mar shampla an t-ilteangachas, tascanna agus idirghabhháil. Thagair tacaíochtaí breise do FGL réamhsheirbhíse agus inseirbhíse do mhúinteoirí agus freisin d'ábhair thacaíochta bhreise ó CNCM le tacú leis an múinteoir sa phleanáil don teagasc, foghlaim agus measúnú.

Thuairiscigh múinteoirí freisin go raibh gá le breis soiléire agus sonraí sna Treoirlínte Measúnaithe i gcás an dá MRB, rud a chabhródh le soiléire bhreise a chur ar fáil don scoláire agus don mhúinteoir maidir lena bhfuiltear ag súil leis ón scoláire, go háirithe i dtaca le húsáid tascanna agus leideanna le tacú leo agus MRB Cumarsáid ó Bhéal á chur i gcrích acu.

Is fiú a lua maidir leis na léargais agus an t-aiseolas a thug roinnt rannpháirtithe le linn an chomhairliúcháin i dtaca le leithdháileadh ama, béaltriail a mheastar go seachtrach, líon na MRBanna, ualú na MRBanna sa ghrád deiridh, agus leathnú na n-ábhar a chuirtear ar fáil, go mbaineann siad le cur i bhfeidhm níos leithne an Chreata don tSraith Shóisearach (2015). Tagann na léargais seo le cuid mhór den aiseolas a tháinig chun cinn san athbhreithniú ar chur i bhfeidhm luath NTI na Sraithe Sóisearaí (2023) agus san athbhreithniú ar ábhair eile na Sraithe Sóisearaí go dtí seo. Baineann na léargais seo freisin le cuid de na téamaí a eascraíonn ó na trí thuarascáil idirlinne a foilsíodh go dtí seo mar chuid den taighde fadama ar chur i bhfeidhm agus tionchar an Chreata. Cé gur lasmuigh de scóip na treorach don obair seo a thagann an t-aiseolas seo, tuairiscítear é ar mhaithe le machnamh na bpáirtithe leasmhara uilig a bhfuil baint acu le cur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach.

# Cuid 3: Breithnithe agus Conclúidí

## Údair Mhachnaimh

Ba léir ón gcomhairliúchán gur chuir formhór mór na rannpháirtithe ó na modhanna comhairliúcháin uile fáilte roimh an dréachtsonraíocht leasaithe. D'ainneoin na fáilte forleithne seo roimh na leasuithe agus na nithe a cuireadh isteach sa dréachtsonraíocht seo, fuarthas aiseolas ón gcomhairliúchán a thug treoir agus comhairle don Mheitheal Forbartha agus an tsonraíocht do NTI na Sraithe Sóisearaí á tabhairt chun críche.

Ar na saincheisteanna a tarraingíodh anuas lena mbreithniú sa chomhthéacs sin, tá conas:

- eolas breise maidir le hilteangachas a chur ar fáil
- soiléiriú breise a chur ar fáil maidir leis an gcur chuige dírithe ar ghníomh agus ar na príomhchoincheapa a bhaineann leis
- béim a leagan ar ról teicneolaíochtaí digiteacha agus ar fhorbairt scileanna digiteacha chun tacú leis an bhfoghlaim teanga
- torthaí foghlama i Snáithe 2 a shoiléiriú a thuilleadh
- comhtháthú na snáitheanna sna samplaí léiritheacha sna haguisíní a shoiléiriú a thuilleadh
- cuimhneamh ar ábhair thacaíochta bhreise maidir le Sealbhú an Dara Teanga a chur ar fáil
- cuimhneamh ar an mbealach is fearr le MRB 2 Cumarsáid ó Bhéal a shoiléiriú a thuilleadh
- na hamlínte maidir leis an dá Mheasúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích a shoiléiriú a thuilleadh

## Tátal

Baineadh go leor tairbhe as an bpróiseas comhairliúcháin a thug neart faisnéise. Tá CNCM an-bhuíoch do na rannpháirtithe ar fad as an aiseolas oscailte, macánta, tiomanta agus bunaithe ar thaithí a thug siad i dtaca leis an dréachtsonraíocht seo. Ar an iomlán, léiríonn an t-aiseolas comhairliúcháin ó mhúinteoirí, tuismitheoirí, scoláirí agus páirtithe leasmhara go bhfuil dearcthaí an-dearfach ann maidir leis an dréachtsonraíocht agus tugann sé le tuiscint go bhféadfadh soláthar cuimsitheach agus tráthúil FGL, tacaíochtaí agus acmhainní tacú go mór le cur i bhfeidhm rathúil na sonraíochta.

Aithnítear go buíoch an leibhéal ard ionchuir ó mhúinteoirí agus ó scoláirí sa chomhairliúchán agus léiríonn an fhreagairt ó mhúinteoirí dearfacht maidir le freagairt thráthúil agus chuimsitheach CNCM ar an aiseolas a tugadh san athbhreithniú ar chur i bhfeidhm luath NTI na Sraithe Sóisearaí.

# Tagairtí


Comhairle na hEorpa. (2001) An Fráma Tagartha Comónta Eorpach. Foilsitheoireacht Chomhairle na hEorpa. Ar fáil ar https://rm.coe.int/16802fc1bf

Comhairle na hEorpa. (2020) An Fráma Tagartha Comónta Eorpach: Foghlaim, Teagasc, Measúnú—Comhleabhar. Foilsitheoireacht Chomhairle na hEorpa. Ar fáil ar: An Fráma Tagartha Comónta Eorpach: Foghlaim, Teagasc, Measúnú (FTCE) - An Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE) (coe.int)

An Roinn Oideachais, RO. (2017) Sonraíocht do Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. Ar fáil ag https://curriculumonline.ie/getmedia/88d2d685-7f73-4772-952c-fdd72f297471/MFLGaeilge_Jan2017.pdf

An Roinn Oideachais, RO. (2015) Creat don tSraith Shóisearach. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. Ar fáil ag: gov.ie - An Creat don tSraith Shóisearach (www.gov.ie)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2022) Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach, Tuarascáil Chomhairleach, Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] le fáil ar https://ncca.ie/media/5400/scr-advisory-report_ga.pdf
[arna rochtain an 13 Lúnasa 2024]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2023) Straitéis Taighde 2023-2026, Baile Átha Cliath, CNCM (ar líne) le fáil ar cncm_straitéistaighde_2023-2026.pdf
[arna rochtain an 13 Lúnasa 2024]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2024) Dréachtsonraíocht NTI na Sraithe Sóisearaí Ar fáil ar: Dréachtsonraíocht NTI na Sraithe Sóisearaí | CNCM

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2023) Tuarascáil ar Chur i bhFeidhm NTI na Sraithe Sóisearaí, 2023, Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] ar fáil ag Tuarascáil ar chur i bhfeidhm luath Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí agus Treoir don athbhreithniú ar an tsonraíocht churaclaim.

# Aguisín: Liosta na rannpháirtithe

**I measc fhreagróirí an tsuirbhé bhí:**
Meánscoil na mBráithre Críostaí, Ros Comáin
Coláiste Pobail na Cúlóige
Coláiste Pobail Bhóthar Achadh Eibhlín
FTA Irlande - Cumann Múinteoirí Fraincise na hÉireann
Coláiste Bheannchair BOOLUF
Coláiste na Trócaire
Scoil Ráth an Dúin
Coláiste Thulach Mhór

**Aighneachtaí scríofa:**
Teangacha Iar-bhunscoile Éireann

NCCA

National Council for Curriculum and Assessment